Parlaimint na hEorpa
2014-2019

TÉACSANNA ARNA nGLACADH

P8_TA(2019)0143

Ballstáit a údarú le bheith ina bpáirtithe i gCoinbhinsiún Chomhairle na hEorpa maidir le Cur Chuige Comhtháite Sábháilteachta, Slándála, agus Seirbhíse ag Cluichí Sacair agus Imeachtaí Eile Spóirt ***

Rún reachtach ó Pharlaimint na hEorpa an 12 Márta 2019 maidir leis an dréachtchinneadh ón gComhairle lena n-údaraítear na Ballstáit le bheith ina bpáirtithe, chun leasa an Aontais Eorpaigh, i gCoinbhinsiún Chomhairle na hEorpa maidir le Cur Chuige Comhtháite Sábháilteachta, Slándála, agus Seirbhíse ag Cluichí Sacair agus Imeachtaí Eile Spóirt (CETS Uimh. 218) (12527/2018 – C8-0436/2018 – 2018/0116(NLE))

(Toiliú)

Tá Parlaimint na hEorpa,

– ag féachaint don dréachtchinneadh ón gComhairle (12527/2018),

– ag féachaint do Choinbhinsiún Chomhairle na hEorpa maidir le Cur Chuige Comhtháite Sábháilteachta, Slándála, agus Seirbhíse ag Cluichí Sacair agus Imeachtaí Eile Spóirt (CETS Uimh. 218),

– ag féachaint don iarraidh ar thoiliú a thíolaic an Chomhairle i gcomhréir le hAirteagal 207(209), le hAirteagal 218(6), an dara fomhír, pointe (a)(v), agus le hAirteagal 218(8), den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (C8-0436/2018),

– ag féachaint do Chinneadh 2002/348/CGB ón gComhairle an 25 Aibreán 2002 maidir le slándáil i dtaca le cluichí sacair lena mbaineann gné idirnáisiúnta[1],

– ag féachaint dá rún an 2 Feabhra 2017 maidir le cur chuige comhtháite i dtaca le Beartas Spóirt: dea-rialachas, inrochtaineacht agus ionracas[2],

– ag féachaint do Rialacha 99(1) agus (4), agus do Riail 108(7) de na Rialacha Nós Imeachta,

– ag féachaint don mholadh ón gCoiste um Shaoirsí Sibhialta, um Cheartas agus um Ghnóthaí Baile agus don tuairim ón gCoiste um Chultúr agus um Oideachas (A8-

1 IO L 121, 8.5.2002, lch. 1.
2 IO C 252, 18.7.2018, lch. 2.

0080/2019),

1. ag tabhairt a toilithe don dréachtchinneadh ón gComhairle;

2. á threorú dá hUachtarán a seasamh a chur ar aghaidh chuig an gComhairle, chuig an gCoimisiún agus chuig rialtais agus parlaimintí na mBallstát agus chuig Comhairle na hEorpa.